# Ceadúnas le haghaidh Aerárthaigh Phaisinéirí
# Iarratas Céaduaire

**IS CION É TRÁDÁIL GAN CEADÚNAS MÁIL. NÍ MÓR DUIT FANACHT GO DTÍ GO nEISEOFAR AN CEADÚNAS SULA dTOSÓIDH TÚ AG TRÁDÁIL.**

**Léigh na nótaí thall go cúramach sula ndéanfaidh tú an t-iarratas seo a chomhlánú**

**Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA**

**NÁ CUIR aon íocaíocht isteach i dteannta an iarratais seo**

## Sonraí maidir leis an gCeadúnas / gCead

**Ainm an cheadúnaí:** ____________________

Cuir isteach ainm an cheadúnaí. *(Beidh na sonraí seo luaite ar an gCeadúnas)*

**Uimhir Thagartha Cánach:** | | | | | | | | | |

Cuir isteach Uimhir Thagartha Cánach an Cheadúnaí thuasluaite.

**Ainmnitheach:** ____________________

Cuir isteach ainm an ainmnithigh, más bainteach, ainm stiúrthóra de chuid na cuideachta nó ainm comhpháirtí tosaíochta mar shampla.

**Ainm an Ghnó:** ____________________

Cuir isteach ainm gnó an áitribh, .i. an t-ainm atá os cionn dhoras an áitribh.

**Seoladh an Áitribh:** ____________________

Cuir isteach seoladh an áitribh le ceadúnú. ____________________

**An raibh an t-áitreabh seo ceadúnaithe roimh ré?** **Bhí** ☐ **Ní raibh** ☐

**Má bhí, tabhair sonraí faoin úinéir roimhe / uimhir thagartha an cheadúnais:**

____________________

**Ainm agus Seoladh:**

Cuir isteach seoladh poist más rud é gur chóir comhfhreagras a sheoladh chuig seoladh eile nach seoladh an áitribh cheadúnaithe é. ____________________

| **Uimhir chláraithe an Aerárthaigh Phaisinéirí / liosta d'uimhreacha cláraithe na nAerárthaí Paisinéirí a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith (€500 an ceann)** | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## Dearbhú

Dearbhaím gurb ionann an duine / na daoine / an t-eintiteas thuasluaite agus an duine / na daoine / an t-eintiteas atá ag trádáil faoi láthair agus déanaim iarratas leis seo ar an gceadúna(i)s arna lua thuas.

**Síniú** ____________________ **Dáta** ____________________

**Post** ____________________ **Uimhir Ghutháin:** ____________________

Stiúrthóir, Rúnaí srl.

## NÓTAÍ

### Cén chaoi iarratas a dhéanamh ar Cheadúna(i)s nua le haghaidh Aerárthaigh Phaisinéirí

**Riachtanais:**

Caithfear uimhir chláraithe gach Aerárthaigh Phaisinéirí a bheith liostaithe ar an bhfoirm seo.

I gcás trádálaí aonair, ní mór don cheadúnaí an t-iarratas a shíniú, i gcás comhpháirtíochta, ní mór do dhuine de na comhpháirtithe é a shíniú, nó i gcás cuideachta ionchorpraithe, ní mór do Rúnaí na Cuideachta nó duine de stiúrthóirí na cuideachta é a shíniú. Má cheadaítear an t-iarratas seo, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim Fógra Iarratais duit chun iarratas a dhéanamhar an gCeadúnas. Ar an bhfógra sin, ní mór duit a dhearbhú go bhfuil na doiciméid seo a leanas i do sheilbh agat:

1. Tá Deimhniú Imréitigh Cánach bailí ag teastáil nuair is duine aonair é an t-iarratasóir. Beidh Deimhniú Imréitigh Cánach bailí ag teastáil le haghaidh iarratas corparáide don chuideachta agus do gach oifigeach ábhartha. Ní gá deimhnithe a chur isteach. Deimhneoidh córais uathoibríoch na gCoimisinéirí Ioncaim go bhfuil Deimhnithe Imréitigh Cánach reatha in áit.
2. Más Comhlacht Teoranta é an tIarratasóir, beidh Deimhniú Dúblach um Chorprú dar dáta tráth nach luaithe ná 4 seachtaine roimh dháta an iarratais, ag teastáil chun an ceadúnas a thógáil. Tá Deimhnithe Ionchorpraithe dúblacha ar fáil ag: **www.cro.ie** Íosghlao 0818 452 000 nó 01 804 5200.
3. Má tá an t iarratasóir ag trádáil ag úsáid ainm nach mbaineann le húinéir tarbhach an chomhlachta, beidh Deimhniú Cláraithe Ainm an Chomhlachta ag teastáil chun glacadh leis an Deimhniú. Tá Deimhnithe Cláraithe Ainm an Chomhlachta dúblacha ar fáil ag: **www.cro.ie** Íosghlao 0818 452 000 nó 01 804 5200.

**Cén chaoi iarratas a dhéanamh ar Cheadúna(i)s nua le haghaidh Aerárthaigh Phaisinéirí**

1. Comhlánaigh an Fhoirm Iarratais agus cuir isteach chuig an Oifig Náisiúnta Ceadúnais Mháil, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Stiúrthóir Sráid Áine, Loch Garman, Y35 E29K. **NÁ CUIR aon íocaíocht isteach i dteannta an iarratais seo**
2. Déanfar an Fhoirm Chomhlánaithe a phróiseáil agus sá chás go gceadófar an t-iarratas, eiseofar Fógra Iarratais.
3. Tar éis duit an Fógra Iarratais a fháil, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar do Cheadúna(i)s le haghaidh Aerárthaigh Phaisinéirí ar aon cheann de na **Bealaí Íocaíochta** thíos.

**Bealaí Íocaíochta**

- **Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim** Féadann tú do Cheadúnas Máil a athnuachan trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim
  Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar shuíomh Idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag **www.revenue.ie** nó cuir glao ar **Líne chabhrach Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim: 01 768 3699**

**- NÓ -**

- **Tríd an duillín pá atá ag bun an Fhógra Iarratais a chomhlánú:**
  Ba chóir an íocaíocht a dhéanamh trí sheic / dhréacht bainc iníoctha leis an Ard-Bhailitheoir a sheoladh isteach sa chlúdach litreach réamhíoctha arna sholáthar. **Ná hIniaigh Airgead Tirim.**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie** ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

**An Oifig Náisiúnta Ceadúnais Máil**
**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**
**Stiúrthóir Sráid Áine**
**Loch Garman**
**Y35 E29K**

**Déan teagmháil linn:**
**01 738 3640**
**exciselicences@revenue.ie**
**www.revenue.ie**

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs